Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2022, 2023, 2024, 2025 and 2026

Ealaíona Íomhá Gluaiste

Tasc Measúnaithe Rialaithe

Comhpháirt 3: Táirge Íomhá Gluaiste a Phleanáil agus a Dhéanamh

[G9533]

AR FÁIL Ó MHEITHEAMH 2019
Le cur isteach mí na Bealtaine 2022, 2023, 2024, 2025 agus 2026

PORTFÓILIÓ MEASÚNAITHE RIALAITHE

Ealaíona Íomhá Gluaiste GCSE Comhpháirt 3: Portfóilió Measúnaithe Rialaithe

Ní mór d'iarrthóirí scannán iomlán i seánra ar leith a chruthú chomh maith le portfóilió taighde don chomhpháirt seo mar fhreagairt ar leabhrán spreagthach atá curtha ar fáil ag CCEA.

Sa leabhrán seo don tasc bheo tá na **cúig chreatlach scéil** atá curtha ar fáil do gach ceann de na **sé sheánra shocraithe**.

Is iad seo a leanas na seánraí socraithe reatha:
- Seánra Uafáis;
- Seánra Scannáin Bhuachaillí Bó;
- Seánra Aicsin/Eachtraíochta;
- Seánra Grinn Rómánsaigh;
- Seánra Ficsean Eolaíochta; agus
- Seánra Coireachta.

Beidh foinsí á moladh i ngach creatlach scéil faoi choinne taighde ar sheánra ar leith. Tá rátáil 15 d'aois nó faoi sin tugtha ag Bord Aicmithe Scannán na Breataine (*BBFC*) do na scannáin uilig atá liostaithe ar liosta na bhfoinsí molta. Is é freagracht dhlíthiúil an mhúinteora gan scannáin a thaispeáint do dhaltaí atá faoi aois an deimhnithe.

Tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil na creatlacha scéil agus na foinsí curtha ar fáil mar phointe tosaigh a ligfidh do na hiarrthóirí tascanna a chur i gcomhthéacs agus a léirmhíniú de réir a gcásanna sonracha féin. San áireamh leis seo tá na háiseanna atá ar fáil agus an teacht atá ar áiseanna.

Thiocfadh le múinteoirí foinsí malartacha nó foinsí breise a roghnú a bheadh oiriúnach don éagsúlacht smaointe cruthaitheacha agus ábhair spéise is féidir a bheith ag a gcuid daltaí. I gcásanna mar seo, beidh freagracht ar mhúinteoirí lena chinntiú go gcomhlíonfaidh foinsí breise ar bith riachtanais an taisc agus go mbeidh iarrthóirí ábalta teacht ar raon iomlán an mheasúnaithe.

Tá Comhpháirt 3 roinnte ina **cheithre** shainchéim:

- Céim 1: Anailís Taighde;

- Céim 2: Réamhléiriú Cruthaitheach, Pleanáil agus Eagrú;

- Céim 3: Léiriú Cruthaitheach agus Iarléiriú Cruthaitheach; agus

- Céim 4: Luacháil.

Ní mór d'iarrthóirí oibriú trí gach céim lena bportfóilió a chomhlánú.
Is féidir le daltaí roghnú a bheith ag obair i gceachtar acu scannán beoghníomhaíochta nó beochan.

Ní mór an portfóilió a chomhlánú faoi cheann **40 uair an chloig**.

Caithfidh gurb í obair an dalta féin í amháin an obair a dhéantar. Ba chóir do mhúinteoirí a bheith sásta go bhfuil úinéireacht chruthaitheach iomlán ag an iarrthóir ar a gcuid oibre féin agus ba chóir cuidiú an mhúinteora a bheith teoranta do chomhairle faoi chúrsaí teicniúla.

Ní mór d'iarrthóirí portfóilió a chur isteach ina mbeidh na rudaí seo a leanas:

- **Anailís Taighde** (ina n-áirítear achoimre) de **600–800 focal** agus **Luacháil** de **300–400 focal**
  (**20 marc – CM3** – ar a n-áirítear **Caighdeán na Cumarsáide Scríofa**)

- **Script Scannáin** agus **Scéalchlár**
  (**10 marc – CM2a**)

- **Liosta Seatanna, Sceideal Scannánaíochta** agus **Leabhar Nótaí an Stiúrthóra** de **5–10 leathanach A4**
  (**10 marc – CM2b**)

- **Scannán** insinte **2 nóiméad** (nó **40–60 soicind** más beochan í)
  (**30 marc – CM2a**)

Ní mór fianaise maisithe ar thaighde léiriúcháin, forbairt ar dhearadh agus fadhb-bhainistiú/fadhbréiteach a bheith curtha ar fáil i Leabhar Nótaí an Stiúrthóra.

Ní mór eolas agus tuiscint a léiriú sa phortfóilió ar choinbhinsiúin agus ar theicnící i seánraí ar leith san obair scríofa agus léirithe araon, agus teanga chuí na scannánaíochta in úsáid síos tríd. (**10 marc – CM1**)

B'fhéidir go mbeadh ar iarrthóirí comhoibriú le daoine eile, ach tá siad freagrach go haonarach as gach cinneadh cruthaitheach agus as léiriú a scannán insinte deireanach féin.

Tá **40%** d'iomlán na marcanna don bhronnadh GCSE ag dul do Chomhpháirt 3.
Is é **80** líon uasta na marcanna don chomhpháirt seo.
Tá an tasc measúnú rialaithe seo éigeantach.
Tá na marcanna dáilte agus ualaithe trasna na gceithre chuspóir measúnaithe mar seo a leanas:

Cuspóirí an Mheasúnaithe		Marcanna/%
CM1	Eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga na scannánaíochta, seánraí, cleachtais, teicnící agus comhthéacsanna scannán.	**10 marc 5%**
CM2(a)	Eolas agus scil atá cruthaitheach agus teicniúil a chur i bhfeidhm i réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú de tháirgí íomhá gluaiste.	**40 marc 20%**
CM2(b)	Eolas agus scil a chur i bhfeidhm i bpleanáil, eagrú agus bainistiú áiseanna agus próiseas agus táirgí íomhá gluaiste á gcruthú.	**10 marc 5%**
CM3	Anailís agus luacháil a dhéanamh ar a scannánaíocht féin agus ar obair daoine eile, ag léiriú feasacht ar chuspóir cruthaitheach agus teicniúil agus ar fhreagairt an lucht féachana.	**20 marc 10%**

Tá mionsonraí sa tábla thíos ar mhiondealú na marcanna de réir gach míre sa phortfóilió:

CÉIMEANNA MEASÚNAITHE	ÁBHAR PORTFÓILIÓ	CM1	CM2a	CM2b	CM3
Céim 1: Anailís Taighde agus Céim 4: Luacháil	• Achoimre • Anailís ar theicnící do sheánraí ar leith • Luacháil				20 marc
Céim 2: Pleanáil agus Eagrú	• Liosta seatanna • Sceideal Scannánaíochta • Leabhar Nótaí an Stiúrthóra			10 marc	
Céim 2: Réamhléiriú Cruthaitheach	• Script Scannáin • Scéalchlár		10 marc		
Céim 3: Léiriú agus Iarléiriú Cruthaitheach	• Scannán Insinte Deiridh		30 marc		
Gach Céim: Eolas agus Tuiscint ar theanga na scannánaíochta	• Inneachar Iomlán	10 marc			

Déantar an portfóilió seo a mharcáil go hinmheánach agus déantar é a mhodhnú go seachtrach.

Déan tagairt le do thoil do *GCSE Moving Image Arts Controlled Assessment Guidance* le mionsonraí a fháil ar riachtanais Mheasúnaithe Rialaithe.

Treoir D'iarrthóirí

Réamhrá

Ba chóir duit na treoracha thíos a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an phortfóilió Measúnú Rialaithe do Chomhpháirt 3. Míneoidh do mhúinteoir aon rud nach dtuigeann tú.

Tugann Comhpháirt 3 an deis duit scannán insinte **2 nóiméad*** de do chuid féin a chruthú (scannán beoghníomhaíochta nó beochan). Ní mór duit do scannán a bhunú i **seánra** ar leith a ligfidh duit do chuid eolais ar theicnící do sheánra ar leith a léiriú.

(*Tabhair do d'aire le do thoil gur féidir le scannáin bheochana a bheith idir **40** agus **60** soicind ar fad.)

An leabhrán seo don tasc bheo, cuireann sé creatlach scéil eiseamláire i láthair do gach ceann de na sé sheánra dualgais.

Ba chóir duit socrú ar an tseánra ar mhaith leat díriú air, an creatlach scéil a roghnú agus ansin smaoineamh níos doimhne ar na teicnící a bhaineann le do rogha.

Thig leat na creatlacha scéil a úsáid mar phointe tosaigh. Ciallaíonn sé seo go bhfuil lánchead agat malartú a dhéanamh ar charachtair, suíomhanna, fearas agus imeachtaí sa phlota a bheidh oiriúnach do na smaointe atá agat féin ar an scéal agus do na háiseanna atá ar fáil duit.

Thig leat fosta taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar chreatlacha scéil do sheánra ar leith nach bhfuil sa leabhrán seo ach ba mhaith leat a bheith i do scannán sa tseánra a roghnaigh tú.

Riachtanais Chomhpháirt 3

I gComhpháirt 3 beifear ag súil le go ndéanfaidh tú na rudaí seo a leanas:

- **Taighde agus anailís** a dhéanamh ar úsáid teicnící do sheánraí ar leith i scannáin a bhfuil spéis agat iontu agus a bhfuil baint acu le do chuid smaointe féin. Is ag an phointe seo a thabharfaidh tú breac-chuntas ar an smaoineamh agat trí **Achoimre** a fhorbairt;
- **Raon** d'ábhair **Chruthaitheacha Réamhléiriúchán a phleanáil, a eagrú agus a fhorbairt** a ligfidh duit a léiriú go bhfuil tú ullmhaithe go huile is go hiomlán le do scannán a scannánú agus a chur in eagar i ndáiríre;
- **Scileanna Cruthaitheacha agus Teicniúla i Léiriú agus Iarléiriú** do scannáin a léiriú. San áireamh anseo tá an scannánú agus próiseas na heagarthóireachta a bhaineann le do scannán deireanach a chruthú; agus
- **Luacháil chriticiúil** a dhéanamh ar rath cruthaitheach agus teicniúil do scannáin maidir le do spriocanna tosaigh, na próisis a cuireadh i bhfeidhm agus na constaicí a sháraigh tú le linn na céimeanna léirithe agus iarléirithe.

Tá mionmhíniú breise ar gach ceann de na céimeanna i gComhpháirt 3 leagtha amach thíos. Ba cheart duit an t-ábhar seo a léamh go cúramach le cuidiú leat a thuiscint a bhfuil le déanamh agat.

An obair a dhéantar do Chomhpháirt 3, ní mór gur obair de do chuid féin atá inti a rinneadh gan chuidiú agus níor chóir í a chóipeáil. Caithfidh do mhúinteoir maoirseacht a dhéanamh ar do chuid obair eagarthóireachta agus iarléirithe uilig agus níl cead í a thabhairt amach as an ionad.

Déanfar measúnú agus marcáil ort ag baint úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo:

- **CM1:** eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga na scannánaíochta, seánraí, cleachtais, teicnící agus comhthéacsanna scannán;
  (trasna an portfóilió iomlán – 10 marc)
- **CM2(a):** eolas agus scil atá cruthaitheach agus teicniúil a chur i bhfeidhm i réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú de tháirgí íomhá ghluaiste;
  (Script Scannáin agus Scéalchlár – 10 marc agus Scannán – 30 marc)
- **CM2(b):** eolas agus scil a chur i bhfeidhm i bpleanáil, eagrú agus bainistiú áiseanna agus próiseas agus táirgí íomhá gluaiste á gcruthú; agus
  (Liosta Seatanna, Leabhar Nótaí an Stiúrthóra, Sceideal Scannánaíochta – 10 marc)
- **CM3:** anailís agus luacháil a dhéanamh ar do scannánaíocht féin agus ar obair daoine eile, ag léiriú feasacht ar chuspóir cruthaitheach agus teicniúil agus ar fhreagairt an lucht féachana.
  (Anailís Taighde agus Luacháil – 20 marc)

Céim 1: Anailís Taighde

Cuireann an chéim seo den Tasc i gComhpháirt 3 an deis ar fáil le taighde dírithe a dhéanamh ar phríomhghnéithe do sheánra roghnaithe, agus ar úsáid de theicnící scannánúla cuí.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa chuid seo den phortfóilió

Tá ceithre chéim i gceist le d'Anailís Taighde:

- Seánra a roghnú;
- Creatlach scéil atá bunaithe ar do sheánra roghnaithe a roghnú ón leabhrán seo;
- Achoimre a scríobh; agus
- An seánra agus na teicnící scannánúla atá ar intinn agat a úsáid i do scannán a shainaithint, a thaighde agus a anailísiú. Ba chóir duit cur i bhfeidhm na dteicnící roghnaithe a phlé i gcomhthéacs do scannáin. Ba chóir duit smaoineamh ar úsáid ceamara, fuaime, eagarthóireachta agus réimsí eile de theanga na scannánaíochta (insint, mise-en-scène, nó soilsiú) atá ábhartha leis an léiriú bheartaithe agat.

Ní mór d'Anailís Taighde (600–800 focal, ar a n-áirítear mion-achoimre) a chur isteach i bhformáid .pdf mar aiste mhaisithe, in éineacht le fianaise ar na teicnící a roghnaigh tú lena n-anailísiú.

Céim 2: Réamhléiriú Cruthaitheach, Pleanáil agus Eagrú

Tugann an chéim seo an deis duit do scannán a phleanáil ina iomláine trí réimsí ábhar a tháirgeadh:

- Script scannáin;
- Scéalchlár agus Liosta Seatanna a thugann breac-chuntas ar gach seat sa léiriú agat (Ba chóir duit a chinntiú go bhfreagraíonn do Scéalchlár agus do Liosta Seatanna dá chéile);
- Sceideal Scannánaíochta; agus
- Leabhar Nótaí an Stiúrthóra (5–10 leathanach), a **bhféadfadh** na rudaí seo a leanas a bheith ann:
  - gabhálacha scáileáin de theicnící scannáin/fótagrafacha/ealaíonta a thugtar faoi deara in obair daoine eile;
  - suíomhanna a scabhtáil;
  - dearadh seit;
  - fianaise go ndearnadh machnamh ar fhadhbanna/ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann amhail torann cúlrach, soilsiú, srl.;
  - léiriú/trialacha scáileáin (beoghníomhaíocht);
  - dearadh carachtar (beochan);
  - dearadh feisteas/smididh; agus
  - fearas.

Is féidir Leabhar Nótaí an Stiúrthóra a chruthú i ríomhchlár de do rogha féin agus é a chur isteach mar dhoiciméad .pdf.

Céim 3: Léiriú agus Iarléiriú Cruthaitheach (Scannán)

Ba chóir go bhfuil cur i gcrích an dá chéim roimhe seo á léiriú sa scannán dheireanach.

Ba chóir go bhfuil na teicnící a sainaithníodh san Anailís Taighde soiléir taobh istigh den scannán dheireanach.

Ba chóir fosta go bhfreagraíonn an scannán do na hábhair réamhléirithe. Ní mór don scannán a bheith 2 nóiméad ar fad más scannán beoghníomhaíochta é. Thiocfadh le scannán beochana a bheith idir 40 agus 60 soicind ar fad.

Tá trí chéim i gceist le scannán a chruthú:

- Scannánú;
- Eagarthóireacht; agus
- Easpórtáil (mar chomhad .mov. Leagan lánchaighdeáin lena choinneáil ag an ionad agus leagan comhbhrúite lena chur isteach).

Céim 4: Luacháil

Tugann an Luacháil (300–400 focal) an deis duit luacháil chriticiúil a dhéanamh ar do scannán insinte agus plé a dhéanamh ar na teicnící a d'úsáid tú sna céimeanna léirithe agus iarléirithe i do chuid oibre. Caithfidh tú luacháil a dhéanamh ar rathúlacht chruthaitheach agus rathúlacht theicniúil do scannáin maidir leis na bunaidhmeanna a bhí agat, leis na próisis a chuir tú i bhfeidhm agus leis na réitigh ar dhúshláin a d'aimsigh tú le linn na dtréimhsí léirithe agus iarléirithe.

Leis an phróiseas léirithe a chur in iúl, d'fhéadfá grianghraif a ghlacadh le linn an scannánú a bheith ar siúl le fianaise don luacháil a sholáthar. D'fhéadfá gabhálacha scannáin ar an timpeallacht eagarthóireachta/iarléirithe a úsáid le fianaise ar an phróiseas iarléirithe a chur ar fáil.

SEÁNRA: SCÁNNÁIN UAFÁIS

CREATLACH SCÉIL 1 SLÉACHT AN CHEAMARA SHUIBIACHTÚIL

Tá dúnmharfóir/ollphéist nach bhfeictear ag tóraíocht ar fud dorchlaí scoile ag marú duine i ndiaidh a chéile. Ach nuair a tharlaíonn sé go bhfuil sé níos deacra duine amháin as gach duine eile a ghabháil, tá tús curtha le coimhlint eipiciúil chun marthana.

Ar na críocha molta tá:

- *Is ceamara é an dúnmharfóir de réir cosúlachta atá ag dul thart ar bhealach éigin ag marú daoine ar a chonlán féin.*
- *Tá an dúnmharfóir nach bhfeictear go simplí ag bailiú píosaí scannánaíochta faoi choinne clár Teilifíse Réaltachta.*

Teicnící Seánra

Is minic a bhaineann stiúrthóirí uafáis úsáid as seatanna PR (pointe radhairc) leis an lucht féachana a chur i mbróga an phríomhcharachtair agus é ag teitheadh ó rud uafáis do-inste. Ach úsáidtear an teicníc níos minice, áfach, le cuma an dúnmharfóra nó na hollphéiste osnádúrtha a cheilt, ag léiriú stalcaireacht na n-íospartach mar sheatanna sínte PR. Leis an chreatlach scéil seo beidh tú in ann tróp an scannáin uafáis seo a fhiosrú.

Beidh tú ábalta réimse de theicnící ceamara a úsáid (m.sh. ceamaradóireacht shuibiachtúil ag gluaiseacht go gasta san áireamh), fuaim, (m.sh. na fuaimeanna a dhéanann an ollphéist agus maisíochtaí fuaime cuí le teannas a thogáil amhail screadanna agus buillí croí), ceol agus feisteas/smideadh (fuil bhréagach, básanna gránna). Beidh a lán deiseanna ann fosta le heagarthóireacht a úsáid le teannas agus luas a thógáil (m.sh. ag gearradh anonn is anall idir PR na hollphéiste agus seatanna níos leithne de na híospartaigh ag teitheadh).

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Jaws (Arna stiúradh ag: Steven Spielberg, 1975)
Evil Dead 2 (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1987)
Army of Darkness (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1992)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN UAFÁIS

CREATLACH SCÉIL 2 SÉASÚR NA DTAIBHSÍ

Tá daltaí ar coinneáil istigh ag fanacht lena múinteoir a fhilleadh, nuair a éirionn siad trí chéile mar gheall ar fhuaimeanna aerachtúla atá le cloisteáil taobh amuigh den tseomra ranga. Ach nuair nach dtagann a múinteoir ar ais agus is léir go bhfuil fórsaí osnádúrtha ag dul ó smacht ar fud na scoile, déanann na daltaí iad féin a bharacáidiú sa tseomra agus an fód a sheasamh in éadan bagairt mhistéireach don uair dheireanach.

Ar na críocha molta tá:

- *Tá na daltaí baracáidithe sa tseomra in éineacht leis an bhagairt.*
- *Fanann an bhagairt amuigh, ach tá duine amháin de na daltaí ag "tiontú".*
- *An rud atá de dhíth orthu leis an lámh uachtar a fháil, tá sé taobh amuigh den tseomra.*
- *Briseann an bhagairt an bharacáid síos.*

Teicnící Seánra

Tugann scéalta faoi thaibhsí agus faoi imeachtaí taibhsiúla an deis do scannánóirí triail a bhaint as gach gné de theanga na scannánaíochta. Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis le rudaí eispriseacha a thriail. Is féidir obair a dhéanamh ar dhearadh fuaimeanna (m.sh. fuaimeanna a thaifeadadh agus a mhoilliú, fuaimeanna coitianta a chur os cionn a chéile nó a sheinm droim ar ais) le fórsaí fuilteacha atá i bhfolach i gcúinní dorcha a chur in iúl. Is féidir seatanna PR (pointe radhairc) a úsáid le sprideanna atá ag bogadh go gasta a chur in iúl. Agus is féidir mise-en-scène a ionramháil a léiríonn cur isteach osnádúrtha le rudaí agus le suíomhanna coitianta.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Evil Dead 2 (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1987)
Poltergeist (Arna stiúradh ag: Tobe Hooper, 1982)
The Haunting (Arna stiúradh ag: Robert Wise, 1963)
Paranormal Activity (Arna stiúradh ag: Oren Peli, 2010)
The Conjuring (Arna stiúradh ag: James Wan, 2013)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN UAFÁIS

CREATLACH SCÉIL 3 MARBH LE FADA AN LÁ

Músclaíonn déagóir maidin amháin lena fháil amach go bhfuil deireadh tagtha leis an tsaol mar a thuigeann muid é agus go bhfuil gnáthdhaoine ag tiontú ina zombaithe ite feola atá cíocrach mar gheall ar víreas mistéireach. Agus é ag troid a bhealach trí líonta na neamh-mharbh, déanann an príomhcharachtar a dhícheall an áit is sábháilte atá ar intinn aige a bhaint amach...

Ar na críocha molta tá:

- *Éalaíonn an déagóir ó na zombaithe ach tá an áit nua sábháilte lán le hollphéisteanna de chineál eile.*
- *Géilleann an déagóir do phiarbhrú agus téann sé i gcomhair leis na neamh-mharbh.*
- *Téann an déagóir i bhfolach i measc na zombaithe, ag cur i gcéill gur zombaí é.*

Teicnící Seánra

Tá zombaithe go fóill ar cheann de na hollphéisteanna is cumhachtaí agus is íocónaí sna scannáin uafáis. Tugann siad an deis do réimse léirmhínithe tonúla éagsúla; is féidir sluaite na neamh-mharbh agus iad ag tarraingt a gcosa ina ndiaidh a léiriú mar chontúirt ghrinn nó mar bhagairt apacailipteach. Leis an chreatlach scéil seo, beidh tú in ann iniúchadh a dhéanamh ar chumhacht an mise-en-scène (m.sh. smideadh zombaithe, maisíochtaí fola, feisteas), ar chumhacht na heagarthóireachta le teannas agus fionraí a thógáil (m.sh. ag gearradh anonn is anall idir an príomhcharachtar ag teitheadh ar luas agus na neamh-mhairbh ag tuisliú sa tóir air) agus ar úsáid frámaíocht ceamara (m.sh. uillinneacha claonta le saol nua tromluíoch a chur in iúl nó úsáid shamhlaíoch de theicnící tulra agus cúlra le líon níos mó de zombaithe a léiriú).

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Land of the Dead (Arna stiúradh ag: George A. Romero, 2005)
Shaun of the Dead (Arna stiúradh ag: Edgar Wright, 2004)
The Walking Dead – Pilot episode (Arna stiúradh ag: Frank Darabont, 2010)
Warm Bodies (Arna stiúradh ag: Jonathan Levine, 2013)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN UAFÁIS

CREATLACH SCÉIL 4 AN RÉAD MALLAITHE

Faigheann déagóir réad atá mallaithe de réir finscéal áitiúil. Gan géilleadh do phiseoga mar seo tugann sé do chara é mar bhronntanas ach ansin nuair a fhaigheann an cara sin bás i gcúinsí mistéireacha, déanann sé iarracht fáil réidh leis an réad ach is cuma cá háit a dtéann sé nó cad é a dhéanann sé, nochtann an réad mallaithe arís agus arís eile...

Ar na críocha molta tá:

- *Ag an deireadh léirítear go bhfuil an déagóir ar mire agus é ag smaoineamh gur réada mallaithe iad gach cineál de rud atá thart air.*
- *Ar ball, agus an réad scriosta aige de réir cosúlachta, tá an déagóir ag teacht chuige féin in ospidéal. Tugann cara nó tuismitheoir beartán dó a bhfuil clúdach bronntanais air. Osclaíonn sé é leis an réad a nochtadh.*

Teicnící Seánra

Amhail an scannán tipiciúil faoi 'Theach na dTaibhsí', tugann scéalta faoi réada mallaithe an deis do scannánóirí iniúchadh a dhéanamh ar réimse leathan de theicnící de theanga na scannánaíochta. Cuireann an creatlach scéil seo an deis ar fáil le triail a dhéanamh le teicnící ceamara (m.sh. úsáid a bhaint as frámaíocht agus as uillinneacha neamhghnácha, as seatanna PR ó dhearcadh na spiorad creachta), le heagarthóireacht agus le leanúnachas spásúil (m.sh. an réad mallaithe ag bogadh ó shuíomh amháin go suíomh eile idir seatanna) agus le fuaim agus le ceol (m.sh. thiocfadh gur ceolbhosca é an réad mallaithe nó gur rud é a bhfuil baint aige le fuaim ar leith nó le móitíf cheolmhar áirithe nó d'fhéadfadh fuaimeanna áibhéalta a úsáid le hatmaisféar an uafáis a mhéadú). Tá roinnt féidearthachtaí ann fosta leis an chreatlach scéil seo maidir le mise-en-scène. B'fhéidir gur fearas saintógtha é an réad mallaithe nó, amhail an físchaiséad in *The Ring*, thiocfadh leis a bheith ina rud coitianta simplí atá curtha i gcomhthéacs nua urchóideach.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Night of the Demon (Arna stiúradh ag: Jacques Tourneur, 1957)
Drag Me to Hell (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 2009)
The Ring (Arna stiúradh ag: Gore Verbinski, 2003)
Evil Dead 2 (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1987)

SEÁNRA: SCANNÁIN UAFÁIS

CREATLACH 5 EAGLA ROIMH AN DORCHADAS

Faigheann déagóir é féin in áit scanrúil anaithnid leis féin agus, de réir mar a tharlaíonn sraith d'eachtraí míshuaimhneacha corraitheacha thart air, éiríonn sé amhrasach ar bhonn méadaitheach, nach bhfuil sé leis féin ar chor ar bith... An bhfuil an intinn ag cur dallamullóg air nó an bhfuil sé i láthair olc do-aitheanta?

Ar na críocha molta tá:

- *Ardaíonn an teannas go gcastar neach uafásach osnádúrtha mailíseach ar an déagóir.*
- *Tá an déagóir i ndiaidh titim isteach gan fhios i gcontúirt den chineál dhaonna.*
- *Sa deireadh aithníonn an déagóir nach contúirt mhailíseach atá ann ach rud coitianta, fiú greannmhar.*
- *Casadh sa deireadh; b'fhéidir go bhfuil scaoileadh teannais ann a chuireann an lucht féachana ar a suaimhneas, ach nach bhfuil ann ach cur i gcéill agus go bhfuil deireadh níos scanrúla arís i ndán dóibh.*

Teicnící Seánra

Cuireann uafás síceolaíoch deis ar fáil don déantóir scannán roinnt teicnící atá in úsáid le fada an lá a chur i bhfeidhm le hatmaisféar na mistéire, an teannais agus an uafáis atá ag méadú a ardú don lucht féachana.
Ligeann an chreatlach scéil seo do na déantóirí scannán ciall a bhaint as an ócáid ar líon dóigheanna difriúla agus cruthaíonn sé an fhéidearthacht d'obair phearsanta chruthaitheach i ndearadh léirithe agus mise-en-scène. Thig leis an 'láithreacht' mhailíseach a bheith feicthe nó dofheicthe, a chruthaíonn deis le fearais stáitse, smideadh, feistis, soilsiú agus frámú a úsáid ar dhóigh shamhlaíoch.
D'fhéadfaí teicnící a bhaineann le frámú, eagarthóireacht agus soilsiú a fhiosrú agus a chur le chéile le láithreacht an namhad a thabhairt le fios, a chur i bhfolach nó a nochtadh, a ardaíonn eagla agus teannas sa lucht féachana. D'fhéadfaí teicnící ceamara a úsáid le heagla mhéadaitheach an phríomhcharachtair a léiriú, nó le láithreacht an namhad mhailísigh a thabhairt le fios, trí úsáid seatanna PF. Féadtar teicnící a bhaineann le cúrsaí eagarthóireachta agus dearadh fuaime a úsáid leis an lucht féachana a ionramháil, m.sh. iad a choinneáil ar imeall a suíocháin trí úsáid geiteanna bréagacha nó tobgheiteanna.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Strangers (Arna stiúradh ag: Bryan Bertino, 2008)
The Woman in Black (Arna stiúradh ag: James Watkins, 2012)
Don't Be Afraid of the Dark (Arna stiúradh ag: Troy Nixey, 2010)
The Blair Witch Project (Arna stiúradh ag: Daniel Myrick and Eduardo Sánchez, 1999)
The Shining (Arna stiúradh ag: Stanley Kubrick, 1980)
Insidious (Arna stiúradh ag: James Wan, 2010)

SEÁNRA: GREANN RÓMÁNSACH

CREATLACH SCÉIL 1 AN TEAGMHÁIL GHLEOITE (*THE MEET CUTE*)

Tá beirt daoine nach bhfeictear suite ar an taobh eile d'áit phoiblí (bialann, beár, páirc srl.) ag amharc ar fhear agus bean ag bualadh in éadán a chéile. Déanann na reacairí seo nach bhfeiceann muid trácht ar a bhfuil ag titim amach agus an tarraingt idir an chúpla ag éirí níos soiléire. Ach, i ndiaidh dóibh bualadh lena chéile trí sheans, an rachaidh an lánúin lena gcinniúint i ndáiríre?

Ar na críocha molta tá:

- *Tugann muid le fios gur breathnóirí nach mbeifeá ag súil leo atá ag amharc ar an lánúin.*
- *Dealraíonn sé go bhfuil an lánúin ag scaradh óna chéile gan rún acu bualadh le chéile arís go dtí, ag an soicind dheireanach, go dtagann duine acu ar ais isteach sa tsuíomh le huimhir ghutháin an duine eile a fháil.*
- *Scarann an lánúin óna chéile ach gan mhoill buaileann an té atá fágtha le duine éigin eile, rud a thosaíonn an gníomh iomlán arís ón tús.*

Teicnící Seánra

Ar cheann de na teicnící is cumhachtaí is féidir a úsáid i scannán coiméide rómánsúil tá an suíomh a léiríonn lánúin ag bualadh le chéile den chéaduair, ach gan dialóg inchloiste a úsáid. Sa leagan éagsúil seo den tróp sin feidhmíonn an bheirt bhreathnóirí mar a bheadh cór ann. Ba cheart mise-en-scène cuí a bheith ann agus lánéifeacht a bhaint as. Ba cheart gur soiléir iad mothúcháin na lánúine óna gcomharthaíocht choirp agus óna n-aisteoireacht fhisiceach. Ba cheart go n-úsáidtear ceol neamhinsinte, nó teicnící eagarthóireachta atá lán le brí leis an ghrá uileghabhálach agus an tarraingt atá faoi lánbhláth a threisiú.

Is féidir guthanna na mbreathnóirí a thaifeadadh nuair atá an príomhaicsean scannánaithe agus tabharfaidh an tráchtaireacht seo deis duit eagarthóireacht a dhéanamh ar an fhuaim agus í a mheaitseáil leis an aicsean ar an scáileán.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Príomhscannáin:
The Lady Eve (Arna stiúradh ag: Preston Sturges, 1941)
The Hudsucker Proxy (Arna stiúradh ag: Joel and Ethan Coen, 1994)
Romeo + Juliet (Arna stiúradh ag: Baz Luhrmann, 1996)

Gearrscannáin:
Inside Out (Arna stiúradh ag: Tom and Charles Guard, 1999)
Round About Five (Arna stiúradh ag: Tom and Charles Guard, 2001)

SEÁNRA: GREANN RÓMÁNSACH

CREATLACH SCÉIL 2 ROM-COM-COMHBHRUITE

Taobh istigh de thréimhse nach mó ná dhá nóiméad ar an scáileán amharcann muid ar lánúin óg agus iad ag bualadh le chéile, ag titim i ngrá, ag pósadh, ag socrú síos agus ag tabhairt aghaidh ar an tsaol iomlán le chéile atá amach rompu. Cuirtear na hócáidí seo i láthair i montáis agus gan dialóg.

Ar na críocha molta tá:

- *Sa deireadh thiar thall faigheann an lánúin bás i lámha a chéile agus iad anois i bhfad níos sine.*
- *Faigheann duine acu bás roimh an duine eile, an íomhá dheireanach ná an té a mhaireann ag taobh uaighe.*
- *Scarann an bheirt óna chéile, pósann siad daoine eile, scarann siad óna gcéilí nua agus pósann siad arís.*

Teicnící Seánra

Ar cheann de na teicnící is cumhachtaí is féidir a úsáid i scannán coiméide rómánsúil tá an suíomh a léiríonn lánúin ag bualadh le chéile agus, tríd an dialóg agus an focal labhartha a fhágáil ar lár, tugtar an deis don lucht féachána an tarraingt atá ag fás eatarthu a fheiceáil. Sa leagan éagsúil seo den mhodh sin feiceann muid scéal iomlán an chaidrimh acu.

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit triail a bhaint as mise en scène, agus timpeallacht agus cuma na lánúine ag athrú de réir mar a théann an scéal ar aghaidh. Ba cheart go bhfuil suíomhanna cuí in úsáid. Ba cheart gur soiléir iad mothúcháin na lánúine óna gcomharthaíocht choirp agus óna n-aisteoireacht fhisiceach. Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit fosta triail a bhaint as teicnící eagarthóireachta montáise. Ba cheart go n úsáidtear ceol neamhinsinte nó teicnící eagarthóireachta atá lán le brí le turas an chaidrimh atá ag an lánúin seo a chur in iúl.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Príomhscannáin:
Up (Arna stiúradh ag: Pete Docter, 2009)
Raising Arizona (Arna stiúradh ag: Joel Coen, 1987)
The Notebook (Arna stiúradh ag: Nick Cassavetes, 2004)

Gearrscannáin:
Inside Out (Arna stiúradh ag: Tom and Charles Guard, 1999)
Round About Five (Arna stiúradh ag: Tom and Charles Guard, 2001)
A Short Love Story (Arna stiúradh ag: Carlos Lascano, 2008)

SEÁNRA: GREANN RÓMÁNSACH

CREATLACH SCÉIL 3 AN CEILIÚR PÓSTA A CHUR

Agus lánúin i ndiaidh dul chuig láthair rómánsúil, déanann duine den bheirt iarracht ceiliúr pósta a chur ar an duine eile ach le scairteanna gutháin, rudaí gan coinne agus truailliú ó thorann ag cur isteach orthu, an éireoidh choíche leis an phríomhcharachtar an cheist mhór a chur?

Ar na críocha molta tá:

- *Cuireann an páirtí eile ceiliúr pósta sula a mbíonn an seans ag an phríomhcharachtar é a dhéanamh, agus tarraingíonn sé/sí fáinne i mbosca amach.*
- *Titeann an páirtí eile go huile is go iomlán i ngrá le suiríoch níos dóighiúla eile.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit triail a bhaint as mise-en-scène, agus timpeallacht agus cuma na lánúine a chruthaíonn an tuairim go bhfuiltear ag súil le radharc coitianta rómánsúil. Is féidir leis an mise-en-scène a bhaineann le duine ar bith de na carachtair a chuireann isteach orthu a bheith ag teacht salach ar bhealach greannmhar ar rúin an phríomhcharachtair.

Beidh tú in ann triail a bhaint as eagarthóireacht, as úsáid chliste de thráthúlacht agus as seatanna scoite gan coinne lena chur le héifeacht ghrinn an phíosa.
Beidh tú in ann fosta triail a bhaint as ceol agus as maisíochtaí fuaime le mothú a thogáil agus le hionchais scéil a chruthú nó a scriosadh.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Príomhscannáin:
Annie Hall (Arna stiúradh ag: Woody Allen, 1977)
Bridget Jones's Diary (Arna stiúradh ag: Sharon Maguire, 2001)
Four Weddings and a Funeral (Arna stiúradh ag: Mike Newell, 1994)
The Proposal (Arna stiúradh ag: Anne Fletcher, 2009)
One Day (Arna stiúradh ag: Lone Scherfig, 2011)

Gearrscannáin:
Sweetnightgoodheart (Arna stiúradh ag: Dan Zeff, 2001)

SEÁNRA: GREANN RÓMÁNSACH

CREATLACH SCÉIL 4 AN COINNE A SHÁBHÁIL

I ndiaidh socrú a dhéanamh bualadh leis an bhuachaill/leis an chailín is ansa leis/léi faoi choinne oíche rómánsúil sa bhaile mhór, faigheann an príomhcharachtar amach go bhfuil an clog mall agus go mbeidh air/uirthi deifir a dhéanamh le bheith ann in am. De réir mar a chuirtear tús leis an turas seo caithfidh an príomhcharachtar deileáil le sraith de mhoilleanna greannmhara agus le bacainn dhúshlánacha. An mbainfidh sé/sí an áit choinne amach sula socraíonn an duine eile go ligtear síos é/í agus go n-imíonn sé/sí?

Ar na críocha molta tá:

- *Glacann suiríoch níos dóighiúla eile an duine ar shiúl díreach sula dtagann an príomhcharachtar.*
- *Imíonn an duine eile go feargach ach buaileann an príomhcharachtar le céile féideartha eile agus siúlann sé/sí amach leis an duine seo in áit an duine eile.*

Teicnící Seánra

Ba cheart go bhfuil bunús iontach sa chreatlach scéil seo le tóir choiméideach a dhéanamh. Ba cheart duit a bheith in ann iniúchadh a dhéanamh ar réimse iomlán de theicnící de theanga na scannánaíochta a bhíonn in úsáid i sraitheoga mar seo. Is féidir seatanna ceamara PF a úsáid le muidne a chur i suíomh an phríomhcharachtair. Is féidir seatanna leanúna agus ceamara gluaiste a úsáid le mothú gluaiseachta agus contúirte a chur leis an tóir. Ba cheart duit a bheith in ann triail a bhaint as ceol agus as eagarthóireacht araon, agus luas na beirte ag méadú de réir mar a éiríonn an toir níos práinní arís.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Príomhscannáin:
Ferris Bueller's Day Off (Arna stiúradh ag: John Hughes, 1986)
Scott Pilgrim Versus The World (Arna stiúradh ag: Edgar Wright, 2010)

Gearrscannáin:
Round About Five (Arna stiúradh ag: Tom and Charles Guard, 2001)

SEÁNRA: GREANN RÓMÁNSACH

CREATLACH SCÉIL 5 AN MÓNTAIS UAIGNEACH AGUS SCIUIRD MHIRE

Sna coiméidí rómánsacha is iomaí cor a chuireann an grá de. Siúlann ár bpríomhcharachtar croíbhriste leis féin, bíonn sé ag caoineadh, itheann sé barraíocht, bíonn cuma chráite air agus é timpeallaithe ag cairde ag gaire, stánann sé amach trí fhuinneog agus é ag cur fearthainne. Buaileann bomaite tuisceana é agus tugann sé sciuird mhire chuig teach a leannáin. Cnagann sé ar an doras agus cuireann sé a ghrá in iúl di ...

Ar na críocha molta tá:

- *Tugtar an t-eolas gur consól cluichí, ríomhaire glúine, bosca Wi-Fi nó rud neamhbheo eile atá i gceist mar leannán.*
- *Druidtear an doras de phlab in aghaidh an phríomhcharachtair.*

Teicnící Seánra

Ní mór do choiméidí rómánsacha na sealanna thuas agus na sealanna thíos a bhaineann le cúrsaí grá a thaispeáint. Cuirfidh an chreatlach scéil seo ar do chumas duit trialacha a bhaint as mise-en-scène amhail dathanna, suíomhanna agus comharthaíocht choirp na gcarachtar le gach mothú difriúil a chur in iúl. Ba chóir fosta go mbeifeá ábalta trialacha a bhaint as ceol agus soilsiú leis an mhothú a athrú de réir mar a théann an tsraitheog ar aghaidh. B'fhéidir go roghnófá guthú céad phearsan a thaifeadadh le dul leis na híomhánna.

Gheobhaidh tú seans eagarthóireacht mhontáise agus ina dhiaidh sin teicnící eagarthóireacht an leanúnachais ghasta a thaiscéaladh de réir mar a théann an príomhcharachtar cosa in airde lena ghrá a fhógairt.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Clueless (Arna stiúradh ag: Amy Heckerling, 1995)
Shrek (Arna stiúradh ag: Andrew Adamson & Vicky Jensen, 2001)
Bridget Jones's Diary (Arna stiúradh ag: Sharon Maguire, 2001)
50 First Dates (Arna stiúradh ag: Peter Segal, 2004)
Love Actually (Arna stiúradh ag: Richard Curtis, 2003)
Sleepless in Seattle (Arna stiúradh ag: Nora Ephron, 1993)

SEÁNRA: CINEAMA AICSIN

CREATLACH SCÉIL 1 LÓDÁIL AGUS COCÁIL

Tá laoch gaisciúil ag déanamh réidh chun troda, ag ceangal airm agus éadaí míleataíocha air féin. Nuair atá an príomhcharachtar lánullmhaithe, bogann an ceamara isteach, le deis a thabhairt don laoch nath aon líne atá fóirsteanach don ócáid a rá. Ansin tugann an laoch aghaidh ar namhaid nach bhfuiltear ag súil leis...

Ar na críocha molta tá:

- *Tugtar le fios go bhfuil post leadránach ag an laoch amhail garraíodóireacht a dhéanamh nó teach a ghlanadh.*
- *Tá an laoch anois armáilte go dtí na cluasa ach le dul i gcoimhlint le namhaid neamhdhochrach nach bhfuil baol leis, m.sh. páiste óg nó coileán dearóil.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit teicnící éagsúla a thriail. Beidh an deis agat triail a bhaint as frámaíocht agus as teicníc cheamara leis an réimse leathan de sheatanna teanna a bheidh de dhíth le hairm atá á gcur i gcurraí, le buataisí atá á gceangal srl. a thaispeáint. Beidh an deis agat triail a bhaint as gluaiseacht cheamara sa tseat dheireanach den tsraitheog, ag leanúint i dtreo an laocha le béim a chur ar an chumhacht a mhothaíonn sé ann féin.

Cé go mbíonn an stíl montáise de “ghunnaí á bhfáil faoi réir”, a bhfuil tagairt déanta di anseo, coitianta i cineama aicsin, b’fhéidir gur mhaith leat cor coiméideach a chur leis an fhoirmle. Mar shampla, is féidir nach iad na hairm atá á ndéanamh faoi réir na hairm a bhfuil muid ag súil leo agus nach bhfuil sa laoch seo ach garraíodóir ródhíograiseach atá ag tabhairt faoi fhál atá imithe chun fiántais a ghearradh.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Army of Darkness (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1993)
Hot Fuzz (Arna stiúradh ag: Edgar Wright, 2007)
Stagecoach (Arna stiúradh ag: John Ford, 1939)

SEÁNRA: CINEAMA AICSIN

CREATLACH SCÉIL 2 MONTÁIS DE THRAENÁIL SPÓIRT

Agus imeacht spóirt á fhógairt, tosaíonn an laoch gaisciúil amach ar réim dhian traenála faoi mhaoirseacht géar meantóra. Is rogha an dalta é cad é go díreach an sprioc traenála atá ag an phríomhcharachtar ach d'fhéadfadh an tsraitheog a dhéanamh gan cor ar bith agus é ag traenáil faoi choinne comórtas dornálaíochta nó comórtas leadóige. Ba cheart na himeachtaí a chur i láthair mar shraitheog montáise ina bhfuil raon cleachtaí traenála agus stua scéil atá soiléir le tuiscint. De réir mar a théann an mhontáis ar aghaidh ba chóir go bhfeicfeadh muid an carachtar ag éirí níos cumasaí agus níos muiníní.

Ar na críocha molta tá:

- *D'fhéadfaí an scéal a chríochnú go simplí leis an phríomhcharachtar ullmhaithe don chomórtas.*
- *Fiú go bhfeicfeadh muid é ag fáil an lámh in uachtar sa chomórtas féin.*
- *I ndiaidh montáis de thraenáil dhian faigheann sé amach go ndearna sé meancóg ag léamh na féilire agus go bhfuil an comórtas thart cheana féin.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit teicnící eagarthóireachta montáise a thriail agus amlíne fíor-chomhbhrúite a chur inár láthair a léiríonn diantraenáil thar thréimhse seachtainí, fiú míonna. Tá deis ann fosta le fuaim insinte agus neamhinsinte a úsáid go cruthaitheach. Úsáidtear ceol láidir bríomhar de ghnáth le téagar a chur le montáisí traenála agus b'fhéidir gur mhaith leat an tsraitheog seo a ghearradh go dtí rian ceoil atá ann cheana féin. Má roghnaíonn daltaí an rian seo roimh ré beidh siad ábalta an tsraitheog a dhearadh thart air agus pleanáil a dhéanamh faoi choinne amanna ríthábhachtacha ag pointí áirithe san fhuaimrian féin.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Rocky (Arna stiúradh ag: John G Avildsen, 1976)
The Karate Kid (Arna stiúradh ag: John G Avildsen, 1984)
The Cutting Edge (Arna stiúradh ag: Paul Michael Glaser, 1992)

SEÁNRA: CINEAMA AICSIN

CREATLACH SCÉIL 3 ABAIR AMACH É

Tá Eachtránaí ag siúl síos na sráide, go tobann tagann Tóraitheoir amach as taobhshráid agus ritheann sé sa tóir ar an Eachtránaí. Tá an tóir ar siúl. Brúnn an t-Eachtránaí thart ar dhaoine agus léimeann sé thar bhacainní mar a tharraingíonn an Tóraitheoir níos cóngaraí dó. Baineann an t-Eachtránaí raca rothar amach agus, i ndiaidh seilbh a ghlacadh ar rothar ó rothaí, imíonn sé ar luas. Faigheann an Tóraitheoir greim ar rothar agus téann sé sa tóir air, an t-aicsean ag éirí níos gasta agus níos mó ó smacht.

Ar na críocha molta tá:

- *Níl an Tóraitheoir ach ag iarraidh rud a thabhairt don Eachtránaí a lig sé dó titim.*
- *I ndáiríre níl an Tóraitheoir ach ag imirt cluiche leaisteanna. Faigheann sé greim ar an Eachtránaí agus ansin is é seal an Eachtránaí dul sa tóir ar an Tóraitheoir.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit triail a bhaint as eagarthóireacht leanúnachais agus an dóigh lena húsáid le teannas agus corraíl a chruthú. Thiocfadh leat úsáid a bhaint as teicnící ceamara mearghluaiseachta leis an aicsean a leanúint. Thiocfadh leat fosta úsáid a bhaint as teicnící Snorri-ceam nó a leithéidí mar a bhfuil an ceamara i ndáiríre ceangailte d'aisteoir amháin, a ligeann dúinn a aghaidh agus an chuid uachtair dá chorp a fheiceáil agus é ag rith.

Is féidir leat maisíochtaí fuaime agus ceol a thriail chomh maith. B'fhéidir go bhfuil píosa ceoil ann cheana féin a bheadh iomlán fóirsteanach don tóir agat.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Hot Fuzz (Arna stiúradh ag: Edgar Wright, 2007)
Raising Arizona (Arna stiúradh ag: Joel Coen, 1987)
The General (Arna stiúradh ag: Buster Keaton and Clyde Bruckman, 1926)
Point Break (Arna stiúradh ag: Kathryn Bigelow, 1991)

SEÁNRA: CINEAMA AICSIN

CREATLACH SCÉIL 4 IMEARTAS GUNNAÍ

Taobh le carr atá páirceáilte ar an tsráid, tá beirt póilíní ag déanamh réidh le duine a ghabháil. Osclaíonn siad an búit, ag cur cathéide agus cótaí móra fada orthu féin agus ag fáil greim ar a gcuid arm – gunnaí bréige a scaoileann dairteanna cúir. Tarraingíonn siad ar dhoras teach amháin, amharcann siad ar a chéile mar a bhuaileann duine acu cloigín an dorais. Níl freagra ar bith ann – briseann siad tríd an doras lena fháil amach go bhfuil siad faoi lámhach – dairteanna cúir á mbualadh ó gach taobh. Tá an duine atá le gabháil istigh, armtha mar an gcéanna agus an chosúlacht ar an scéal go bhfuil arm beag dá chairde in éineacht leis...

Ar na críocha molta tá:

- *Ag deireadh an chatha níl ach póilín amháin agus bithiúnach amháin fágtha ina seasamh, tagann críoch lán le teannas leis an scéal ina bhfaigheann an bheirt acu bás.*
- *Éiríonn leis na póilíní na coirpigh uilig a threascairt ach, díreach agus iad ar a bhealach amach, faigheann siad amach go ndearna siad ruathar ar an teach chontráilte.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit triail a bhaint as eagarthóireacht leanúnachais agus an dóigh lena húsáid le teannas agus corraíl a chruthú. Thiocfadh leat úsáid a bhaint as teicnící ceamara mearghluaiseachta leis an aicsean a leanúint. Thiocfadh leat uillinneacha eispriseacha agus iontacha ceamara a úsáid leis an chuma a chruthú go bhfuil na carachtair i gceannas nó faoi bhagairt. D'fhéadfá teicnící eagarthóireachta montáise a úsáid fosta ag tús an scannáin agus na póilíní ag fáil na n-arm faoi réir.

Is féidir leat maisíochtaí fuaime agus ceol a thriail chomh maith. B'fhéidir go bhfuil píosa ceoil ann cheana féin a bheadh iomlán fóirsteanach don tsraitheog agat. Thiocfadh leat fosta iarracht a dhéanamh ar do mhaisíochtaí fuaime féin a chruthú faoi choinne na ngunnaí.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Hot Fuzz (Arna stiúradh ag: Edgar Wright, 2007)
The Untouchables (Arna stiúradh ag: Brian De Palma, 1988)

SEÁNRA: CINEAMA AICSIN

CREATLACH SCÉIL 5 IDIRCHEAPADH

Tá drong bithiúnach míchlúiteach i bhfolach agus iad ag pleanáil a gcéad scéim suarach eile. Níl a fhios acu gur éirigh le buíon d'eachtránaithe gaisciúla iad a aimsiú ina gcró folaigh agus go bhfuil siad ar tí díriú isteach ar an drong. Agus iad meáite ar stop a chur le pleananna urchóideacha na droinge, bogann na gaiscígh isteach go fáilí lena ngabháil.

Ar na críocha molta tá:

- *Titeann sraitheog comhraic amach, atá lán aicsin agus atá drámatúil.*
- *Cuireann meancóg amaideach in iúl do na cealgairí go bhfuil na gaiscígh sa tóir orthu agus ruaigeann an drong iad.*
- *Tá an áit chontráilte aimsithe ag na gaiscígh.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit triail a bhaint as teicnící ceamara agus eagarthóireachta le gníomhaíochtaí na gcarachtar a chur in iúl agus béim a chur orthu de réir mar a fhorbraíonn an dráma agus de réir mar a thiteann sé amach. Tugtar deis duit teicnící eagarthóireachta amhail eagarthóireacht chomhuainíochta nuair atá tú ag cur insint chomhuaineach na bpríomhcharachtar agus na namhad chun tosaigh, rud a chuireann le teannas agus bísiméiní an lucht féachana.

D'fhéadfaí teicnící ceamara láimhe mothú den chontúirt agus den phráinn a chur leis an radharc agus thiocfadh le heagarthóireacht gearrtha gasta agus eagarthóireacht meaitseáil ar an aicsean luas agus sceitimíní a thabhairt don radharc. Thiocfadh fuaim insinte agus fuaim neamhinsinte a úsáid le hatmaisféar agus teannas a chruthú.
Tugann an creatlach scéil seo an deis do dhéantóirí scannán le triail a bhaint as féidearthachtaí scannán seánra hibrideach, trí úsáid a bhaint as teicnící de theanga na scannánaíochta atá sa tseánra aicsin in éineacht le híocónagrafaíocht agus mise-en-scène ó sheánraí eile scannán.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Ocean's Eleven (Arna stiúradh ag: Steven Soderbergh, 2001)
The Shawshank Redemption (Arna stiúradh ag: Frank Darabont, 1994)
The Silence of the Lambs (Arna stiúradh ag: Jonathan Demme, 1991)
V for Vendetta (Arna stiúradh ag: James McTeigue, 2005)

SEÁNRA: CINEAMA FICSEAN EOLAÍOCHTA

CREATLACH SCÉIL 1 CÉN BHLIAIN Í SEO?

Tugann splanc solais le fios go bhfuil neach mistéireach, a bhfuil éadaí aisteacha air agus gunna de chuma aisteach ina lámh aige, i ndiaidh teacht. Bogann sé go gasta, ag caitheamh súil ar an áit thart timpeall air. Nuair a bhuaileann an t-eachtrannach seo le duine daonna eile faigheann sé greim ar liopaí a chóta agus fiafraíonn sé de go borb "Cad é an dáta atá ann? Cén bhliain atá sé?" Nuair a fhaigheann sé amach an dáta reatha, teannann sé a chuid fiacla le chéile agus maíonn sé, "Tá go leor ama ann go fóill mar sin!" Ach sula dtig leis bogadh ar aghaidh cuireann splanc solais eile in iúl go bhfuil amthaistealaí i ndiaidh teacht.

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit bunteicnící de mhaisíochtaí físe agus teicnící de mhaisíochtaí fuaime araon a chíoradh. Is féidir rialaitheoirí gile agus íomhá i mbogearraí eagarthóireachta a úsáid leis an splanc gheal a chruthú le teacht an taistealaí a chur in iúl. Beidh tú in ann triail a bhaint as Garageband, Audacity nó uirlisí ionramhála fuaime den chineál chéanna le maisíocht fuaime aduain a chruthú a bheadh oiriúnach don fhreangadh ama.

Tugann an creatlach scéil seo an deis le triail a bhaint as mise-en-scène mar shampla, feisteas agus armra an taistealaí ón todhchaí.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí

Looper (Arna stiúradh ag: Rian Johnson, 2012)
The Terminator (Arna stiúradh ag: James Cameron, 1984)
Back to the Future (Arna stiúradh ag: Robert Zemeckis, 1985)
Time Bandits (Arna stiúradh ag: Terry Gilliam, 1981)

SEÁNRA: CINEAMA FICSEAN EOLAÍOCHTA

CREATLACH SCÉIL 2 CUAIRTEOIRÍ

Oíche, cistin. Taobh istigh de ghnáth-theach. Tá duine ina shuí ag tábla, ag ithe ar a aonar. Tá an raidió ar siúl. Tá na soilse lasta. Go tobann caochann na soilse ann agus as. Tosaíonn an táscaire cláir ag bogadh suas agus síos na diaile leis féin, ag cruthú torann saofa. Amuigh tá solas geal daite ag stealladh isteach trí na fuinneoga. Tá dordán innill le cloisteáil.
Éiríonn an duine ina sheasamh. Téann cúrsaí chun scaoill mar a thosaíonn fearais cistine ag feidhmiú go haisteach, citil ag feadaíl gan coinne, micreathonnta ag pingiú srl.

Bogann an duine chuig an doras cúil agus osclaíonn sé é, ach cad é atá ann ach...

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit teicnící eagarthóireachta agus teicnící ceamara a chíoradh chomh maith le bunteicnící soilsithe. Thiocfadh leat tóirsí LED a bhfuil glótháin daite ceangailte díobh a úsáid le soilse aerachtúla neamhshaolta a chruthú agus iad ag gluaiseacht thar na ballaí agus na cuntair.

Tugann an creatlach scéil seo an deis fosta le triail a bhaint as maisíochtaí fuaime. Thiocfadh leat fuaimeanna a chluineann tú gach lá a thaifeadadh agus iad a chur as a riocht, a chúlú nó a mhoilliú le fuaim spásárthach neamhshaolta atá ag tuirlingt a chruthú.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Close Encounters of the Third Kind (Arna stiúradh ag: Steven Spielberg, 1977)
Fire in the Sky (Arna stiúradh ag: Robert Lieberman, 1993)
The Fourth Kind (Arna stiúradh ag: Olatunde Osunsanm, 2009)

SEÁNRA: CINEAMA FICSEAN EOLAÍOCHTA

CREATLACH SCÉIL 3 RÓ-BORG!

Tá eolaí ag amharc sios ar an rud is deireanaí a chruthaigh sé. Buaileann an t-eolaí roinnt eochracha ar ghléas eochairchip, cuireann téacs de chód ríomhaireachta, atá ag scrollú sa tseat PR, in iúl dúinn go bhfuil an gléas ag FEIDHMIÚ.

Tugann an t-eolaí céim siar. Ina shuí i gcathaoir speisialta tá RÓBAT DAONNÓIDEACH a éirionn ina sheasamh. Tá crónán seirbhimheicníochta agus leictrea-mhótar le cloisteáil mar a bhogann sé i dtreo an eolaí. Tá tuilleadh téacsáil le feiceáil ar PR an Róbait agus é ag amharc ar an eolaí ó bhaithis go bonn. Léiríonn an téacs gealánach IONSAIGH AN DUINE.

Tugann an Róbat áladh ar an té a chruthaigh é, ag síneadh amach lena thachtadh, ach cúlaíonn an t-eolaí ón ghléas.

Glacann an róbat coiscéim eile. Feiceann muid go bhfuil sé plugáilte isteach sa phríomhlíonra cosúil le fearais tí ar bith. Tugann an t-eolaí céim eile siar, tugann an róbat céim chun tosaigh arís, ag tarraingt an phlocóid amach as an tsoicéad agus á chur é féin as feidhm.

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit grádú íomhá agus teicnící grafaicí a chíoradh. Thiocfadh leat comhéadan cuí a bhfuil cuma todhchaíoch air a chur le PR an Róbait trí úsáid a bhaint as uirlisí teidil sna bogearraí eagarthóireachta. Thiocfadh leat tuilleadh a dhéanamh agus úsáid a bhaint as GIMP, Photoshop nó a leithéidí le do ghrafaicí féin a chruthú le forleagan trédhearcach a chruthú agus é seo a chur leis an phíosa scannáin agat.

Tugann an creatlach scéil seo an deis fosta le triail a bhaint as maisíochtaí fuaime. Thiocfadh leat gnáth-fhuaimeanna ó ghléasanna amhail cumascóir bia, druilire leictreach agus mar sin de a thaifeadadh le crónán fóirsteanach leictrimheicniúil do ghluaiseacht an róbait a chruthú.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Terminator (Arna stiúradh ag: James Cameron, 1984)
Pacific Rim (Arna stiúradh ag: Guillermo Del Toro, 2013)

SEÁNRA: CINEAMA FICSEAN EOLAÍOCHTA

CREATLACH SCÉIL 4 AM NACH CUÍ

Tá eolaí óg ag cur deireadh le meaisín ama buntúsach a thógáil. Tá sé cosúil le cathaoir uilleach a bhfuil roinnt soilse gealánacha Nollag agus luamhán simplí uirthi. Tá an luamhán lipéadaithe le dhá shaighead – ceann amháin a bhfuil AR AGHAIDH IN AM scríofa uirthi agus SIAR IN AM ar an cheann eile.

Tá an meaisín taobh amuigh, suíonn an t-Eolaí síos agus brúnn sé an luamhán chun tosaigh. Ar gach taobh díobh tosaíonn am ag luasghéarú, daoine agus feithiclí sa chúlra ag bogadh níos gasta agus níos gasta. An lá ag tiontú go hoíche. Oíche go lá. Arís agus arís eile, níos gasta agus níos gasta. Scamaill thuas ag bogadh níos gasta agus níos gasta. Tá an t-eolaí in iontas ag amharc thart air féin.

De réir mar a éiríonn luas an aicsin níos gasta agus níos gasta, amharcann an t-eolaí ar a lámha. Tá siad ag éirí sean, rocach. Ligeann an t-eolaí cnead as agus scaoll air. Tarraingíonn an t-eolaí ar an luamhán, tá sé greamaithe...

Ar na críocha molta tá:

- *Tarraingíonn sé ar an luamhán níos crua. Briseann sé. Téann an t-am chomh mór sin chun tosaigh go dtí nach bhfuil fágtha sa chathaoir ach cnámharlach nó fiú carnán de ghiobail a bhfuil caonach liath orthu.*
- *Téann an t-Eolaí rófhada siar sa treo eile, ag tiontú ina leanbh nó ina pháiste iontach óg.*
- *Tá an t-Eolaí greamaithe sa chathaoir ag amharc mar a théann an t-am thart go fíormhall.*

Teicnící Seánra

Thiocfadh gur mhaith leat triail a bhaint as teicnící aga-dheighilte leis an mhothú a chruthú go bhfuil an t-am ag dul thart ag ráta mínádúrtha. Thiocfadh an scannánú a dhéanamh ag gnáth-rátaí luais ach na socruithe rialtán luais sna bogearraí eagarthóireachta a úsáid le gluaiseacht an ama a ghéarú, a mhoilliú nó a chúlú.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Terminator (Arna stiúradh ag: James Cameron, 1984)
Adaptation (Arna stiúradh ag: Spike Jonze, 2002)
The Time Machine (Arna stiúradh ag: George Pal, 1960)

SEÁNRA: CINEAMA FICSEAN EOLAÍOCHTA

CREATLACH SCÉIL 5 SRAITHEOG FÉINSCRIOSTA

Tugann an príomhcharachtar Cnaipe Mór Dearg faoi deara rud nach bhfaca sé roimhe seo. Déanann sé iarracht diúltú don fhonn, ach ní raibh neart air! Nuair a bhrúigh sé an cnaipe, chuala sé bonnán agus guth ríomhaire ag rá, "Aire! Tá an córas féinscriosta curtha i ngníomh. Déanfaidh an foirgneamh seo féinscriosadh i gcionn nóiméad amháin." Cuireadh tús le comhaireamh na nóiméad.

Déanann an príomhcharachtar a sheacht ndícheall éalú ach tá na doirse uilig séalaithe. Tosaíonn an teach ag crith agus titeann rudaí de na ballaí agus de na seilfeanna. De réir mar a tharraingíonn an comhaireamh níos deise ar náid agus an príomhcharachtar faoi dheifir leis an rud a chur as feidhm, tosaíonn bonnáin eile ag séideadh.

Ar na críocha molta tá:

- *Tá pléascadh ollmhór agus néal muisiriúnach ann.*
- *Éiríonn leis an phríomhcharachtar an tsraitheog scriosta a stopadh díreach in am.*
- *Brúnn ball teaghlaigh nó cara cnaipe eile atá marcáilte "Tobscoir" agus é ar nós cuma liom.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil de rás in aghaidh an chloig deis duit le teannas a thógáil trí theicnící ceamara, eagarthóireacht leanúnach agus úsáid fuaime.
Beidh ort guthú a thaifeadadh agus b'fhéidir gur mhaith leat claonuillinneacha agus soilse gealánacha a úsáid.
Thiocfadh leat triail a bhaint as maisíochtaí speisialta, mar shampla maisíochtaí deataigh agus pléasctha. Thiocfadh leat ceamara láimhe a chroitheadh nó maisíochtaí eagarthóireachta a úsáid lena thaispeáint go bhfuil an foirgneamh ar crith.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Alien (Arna stiúradh ag: Ridley Scott, 1979)
Spaceballs (Arna stiúradh ag: Mel Brooks, 1987)
Galaxy Quest (Arna stiúradh ag: Dean Parasot, 1999)
Star Trek III: The Search for Spock (Arna stiúradh ag: Leonard Nimoy, 1984)

SEÁNRA: CINEAMA COIREACHTA

CREATLACH 1 SOCHAÍ NA GADAÍOCHTA

Sa mhontáis seo gan dialóg atá spreagtha ag cineama noir agus scannáin gadaíochta, breathnaíonn muid ar shár-ghadaí ag ullmhú don robáil. Tá an Gadaí ag déanamh staidéir ar threoirphleananna rúnda. Déanann sé mála uirlisí réidh. Téann sé isteach san fhoirgneamh faoi choim. Tosaíonn an obair ansin ar bhriseadh isteach sa tseomra is do-ionsaithe a d'fhéadfá a shamhlú – locar na scoile. Tá fairtheoir ag coimhéad fad is atá an Gadaí i mbun oibre ach an bhféadfaidh an bheirt fáil ar shiúl lena gcóir? An dtiocfadh leo fanacht ciúin go leor gan aird a tharraingt orthu?

Teicnící Seánra

Braitheann stiúrthóirí scannáin choireachta go minic ar chreatlacha scéil den ghadaíocht le suim an lucht féachana a choinneáil. Tugann an creatlach scéil seo dhá bhealach iomlán difriúil le suim an bhreathnóra a mhúscailt. Ar dtús tá chéim na pleanála féin ann. Is féidir í seo a dhéanamh mar mhontáis a léiríonn an Gadaí 'ag breathnú ar an áit', ag amharc ar threoirphleananna agus ag bailiú uirlisí le chéile. Is rudaí iad roghnúchán seatanna agus eagarthóireacht atá ríthábhachtach maidir le rath na míre seo.

Is í an robáil féin an dara céim. Is féidir í seo a dhéanamh ar dhóigh le fionraí a chruthú. I sraitheog cháiliúil den scannán noir chlasaiceach de chuid Jules Dassin, Rififi (1955), caithfidh foireann gadaithe an robáil a dhéanamh ina dtost sa dóigh nach gcuirtear aláram fuaimghníomhachtaithe sa tsiúil. Sa tsraitheog sin tá tábhacht ollmhór le gach fuaim. Leis an chreatlach scéil seo, thiocfadh leat triail a bhaint as leagan eile den smaoineamh sin, ag taifeadadh do mhaisíochtaí fuaime féin agus na féidearthachtaí eispriseacha atá ag an fhuaim a thriail. Is féidir coiscéimeanna, fuaimeanna de bhuillí an chroí, glais á n-oscailt agus fuaimeanna cuí mar an gcéanna, a thaifeadadh agus áibhéil a dhéanamh fúthu lena n-úsáid anseo.

Tabharfaidh an chéad chuid an deis duit eagarthóireacht montáise a fhiosrú. Tabharfaidh an dara cuid, an deis duit triail a bhaint as eagarthóireacht leanúnachais, as dearadh fuaime agus an ról atá acu le fionraí a ghiniúint.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Rififi (Arna stiúradh ag: Jules Dassin, 1955)
Inside Man (Arna stiúradh ag: Spike Lee, 2006)
The Killing (Arna stiúradh ag: Stanley Kubrick, 1956)
Logan Lucky (Arna stiúradh ag: Steven Soderbergh, 2017)

SEÁNRA: CINEAMA COIREACHTA

CREATLACH SCÉIL 2 SCRÍOFA LE CAILC

Tá póilín crua ag déanamh iniúchadh ar láthair choire – imlíne de chorp tarraingthe le cailc ar an talamh i gcúlsráid éigin, cordún ribín thart an spás. Tá ceamaraí ag splancadh. Tá bonnáin ag olagón. Tagann an póilín ar aon leid amháin – píosa cailce ídithe go dtí an nuta. Cuireann an póilín an píosa cailce isteach i mála fianaise ceallafáin. Nochtann montáis de cheannlínte nuachtáin agus/nó tuairiscí nuachta ar an teilifís an scéal níos iomláine – go bhfuil ealaíontóir graifítí darb ainm "The Tagger" ag cur na cathrach ar fuascailt agus go leanfaidh sé air ag tarraingt imlínte cailce i ngach áit go dtí go gcuirtear stop leis...

Teicnící Seánra

Bíonn láithreacha coire in úsáid ar dhóigh dhrámatúil i gcónaí i scannáin phóilíní. Is dóigh mhaith iad na radharcanna a léiríonn an príomhcharachtar ag déanamh mionscrúdú ar an fhianaise leis an charachtar lárnach a thaispeáint i mbun gnímh agus leis an chontúirt atá ann a bhunú.

Is féidir an creatlach scéil seo a dhéanamh saor ó dhialóg gan mórán stró. An póilín ag cur míreanna an phuzail le chéile gan focal as, ag druidim isteach ar The Tagger. Maisíochtaí fuaime amhail urchair gunnaí, bonnáin, coiscéimeanna agus mar sin de.

Tabharfaidh an chéad chuid an deis duit eagarthóireacht montáise a fhiosrú. Tabharfaidh an dara cuid an deis duit triail a bhaint as eagarthóireacht leanúnachais agus an ról aici le fionraí a ghiniúint.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Heat (Arna stiúradh ag: Michael Mann 1995)
Hot Fuzz (Arna stiúradh ag: Edgar Wright 2007)
Bullitt (Arna stiúradh ag: Peter Yates, 1968)

SEÁNRA: CINEAMA COIREACHTA

CREATLACH SCÉIL 3 CINNIÚINT SA CHATHAOIR

Cillíní an Bháis – Príosúnach Crua i gcillín, ag siúl síos agus suas go neirbhíseach. Ag siúl anonn is anall, anonn is anall. Baineann Garda gliogarnach as barraí a cháis agus fógraíonn sé, "Choir a bheith meán oíche. Tá an t-am istigh!" Caitheann an Príosúnach súil fheargach ar ais air. Tionlacann beirt Ghardaí an Príosúnach síos pasáiste fada, dorcha agus scáthach agus Séiplíneach an Phríosúin á leanúint ag guí os ard. Tagann gártha magaidh ó príosúnaigh eile nach bhfeictear.

Sa deireadh cuirtear an Príosúnach Crua isteach i seomra beag a bhfuil cathaoir adhmaid ann. Streachlaíonn an príosúnach mar a dhéanann na Gardaí é a shrianadh, agus á cheangail isteach sa chathaoir.

Tá an t-am ar an chlog balla ag bogadh beagán ar bheagán i dtreo an mheán oíche.

Ar na críocha molta tá:

- *Tá an Príosúnach Crua ag fáil scrúdú fiacla, bearradh gruaige nó gnás eile nach bhfuil bagrach dá bheatha.*
- *Tá an Príosúnach á chur chun báis i ndáiríre. Baineann an Gobharnóir an áit amach faoi dheifir díreach roimh bhuille an mheán oíche. Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil bac curtha leis an bhású ach i ndáiríre bhí an Gobharnóir buartha nach bhfeicfeadh sé an seó...*

Teicnící Seánra

Déantar rud mór i gcónaí de radharcanna a bhaineann le bású sna scannáin Príosúin agus drámaí coireachta Meiriceánacha. Feidhmíonn na deasghnátha a tharlaíonn sula gcuirtear daoránach chun báis mar chomhaireamh drámatúil na nóiméad go dtí an bás féin. Sa chás seo thiocfadh cur chuige dáiríre a ghlacadh agus úsáid a bhaint as soilsiú agus scáthanna láidre le críochnaitheacht an bháis a chur in iúl. Beidh tú in ann saol na creatlaí scéil seo a fhorbairt le maisíochtaí fuaime. Is dócha nach mbeidh tú ábalta an scannánú a dhéanamh i bhfíorphriosún ach má úsáideann tú na maisíochtaí fuaime cearta beidh tú in ann timpeallacht phríosúin a chur in iúl ar a laghad. D'fhéadfá triail a bhaint as maisíochtaí soilse chomh maith atá ionsuite i bpacáistí amhail iMovie agus na maisíochtaí sin a úsáid leis an leictreachas ag sreabhadh tríd an daoránaigh a thaispeáint.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

Angels with Dirty Faces (Arna stiúradh ag: Michael Curtiz, 1938)
I Want to Live (Arna stiúradh ag: Robert Wise, 1958)
The Twilight Zone (Sraith Teilifíse) Eipeasóid: "Shadowplay" Arna stiúradh ag: John Brahm, 1961(Ar fáil i mBoscra Shéasúr 2)

SEÁNRA: CINEAMA COIREACHTA

CREATLACH SCÉIL 4 PÓILÍN BOG PÓILÍN CRUA

I seomra agallaimh i stáisiún póilíní tá amhrastach ina shuí agus a lámha trasna ar a chéile, ag croitheadh a chinn ag an agallóir, Póilín Bog slachtmhar, dea-ghléasta. Cuireann an Póilín Bog fianaise cháinteach éigin i láthair, b'fhéidir doiciméad nó asphrionta ó cheamara slándála a chuireann an t-amhrastach ar an láthair choire. Croitheann an t-amhrastach a chloigeann, níl sé ag comhoibriú. Tá clog ar an bhalla ag ticeáil go callánach.

Baineann an Póilín Bog smeach as a mhéara, ag síneadh ina chathaoir sula n-éiríonn sé ina sheasamh, ag croitheadh a ghuaillí agus ag rá nach bhfuil an dara rogha aige ach a chomhpháirtí, nach bhfuil chomh deas sin, a ligean isteach leis an agallamh a dhéanamh...

Ar na críocha molta tá:

- *Tagann an Póilín Crua isteach le leanúint ar aghaidh agus is pearsa coiméideach neamhghnách é, b'fhéidir páiste beag.*
- *Is gearradh amach cairtchláir nó réad neamhbheo de chineál éigin é an Póilín Crua, freagraíonn an t-amhrastach mar a bheadh baol dáiríre ann agus admhaíonn sé a choir gan mhoill.*

Teicnící Seánra

Tá míreanna drámatúla ionsuite i gceist le radharcanna de cheistiú póilíní agus is gné choitianta iad i gcineama coireachta agus i gcláracha teilifíse de phóilíní. Anseo beidh tú ábalta úsáid a bhaint as radharc den chineál seo le triail a dhéanamh le heagarthóireacht, ag úsáid teicnící de sheatanna droim ar ais le dhá thaobh an chomhrá a léiriú ach minicíocht na ngearrthacha a mhéadú leis an teannas a ardú.

D'fhéadfá triail a bhaint as maisíochtaí fuaime fosta, ag úsáid fuaimeanna atá thar fóir agus áibhéalta do rudaí amhail an clog ag ticeáil.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Wrong Man (Arna stiúradh ag: Alfred Hitchcock, 1956)
The Dark Knight (Arna stiúradh ag: Christopher Nolan, 2008)

SEÁNRA: CINEAMA COIREACHTA

CREATLACH SCÉIL 5 AMAIDÍ AMADÁN

Sciobann mugálaí mála ó bhean ar shráid ghnóthach agus teitheann sé leis chuig an chaolsráid is cóngaraí. Ach sula dtig leis na rudaí atá istigh ann a bhaint amach agus cibé airgead atá ann agus na boinn a bhaint as, nochtann robálaí armáilte as an dorchadas agus tugann sé ar an mhugálaí an mála a thabhairt dó...

Ar na críocha molta tá:

- *Baineann an duine armáilte na boinn as leis an mhála ach baineann an tríú robálaí an mála dó, agus siúlann sé leis ar ais go dtí an tsráid ghnóthach, áit a sciobann an chéad íospartach é ar ais.*
- *Déanann an mugálaí iarracht teite ach sháinnigh an robálaí armáilte é. Agus é i mbarr a ché-ille, caitheann sé an mála thar an bhalla is deise dó áit a dtuirlingíonn sé ar ghlúin an chéad íospartach.*

Teicnící Seánra

Is minic a bhaineann stiúrthóirí scannáin choireachta úsáid as suíomhanna gránna ón tsaol mar atá agus as obair cheamara láimhe le mothú réalachais agus beocht a chur lena gcuid saothair. Is féidir an cur chuige sin a chur i bhfeidhm anseo. Nó teicnící na stíleanna noir a chur i bhfeidhm le roghanna cúramacha as teicnící ceamara amhail claonuillinneacha agus úsáid a bhaint as soilsiú íosghile ar dhóigh snasta. Is féidir úsáid a bhaint as scáthchruthanna agus scáileanna le haicsean foréigneach a léiriú rud a chuireann i bhfad níos mó in iúl ná mar a thaispeánann sé.

Is féidir cur chuige níos éadroime a ghlacadh leis an chreatlach scéil seo agus úsáid a bhaint as popcheol agus uirlisí úrnua eagarthóireachta, amhail scáileán roinnte agus fráma reoite a úsáid le ton níos grinne a chur leis an scannán.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Third Man (Arna stiúradh ag: Carol Reed, 1949)
Rififi (Arna stiúradh ag: Jules Dassin, 1955)
Ocean's Eleven (Arna stiúradh ag: Steven Soderbergh, 2001)
Logan Lucky (Arna stiúradh ag: Steven Soderbergh, 2017)
Baby Driver (Arna stiúradh ag: Edgar Wright, 2017)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN BHUACHAILLÍ BÓ

CREATLACH SCÉIL 1 CARTAÍ Á NGEARRADH

I gcúinne Salún san Iarthar Fhiáin tá léas solais ag soilsiú ar thábla mar a bhfuil dornán de charachtair bhuachaillí bó i mbun cluiche pócair lán le teannas. Tá carn d'airgead tirim ina luí i lár an tábla. Tá na carachtair ina dtost ach ag caitheamh súil anonn is anall ó dhuine go duine mar a nochtar gach lámh nua. Taispeánann imreoir amháin an lámh aige – ceithre aon. Caitheann imreoir eile an lámh aige síos, ina bhfuil aon fosta. Tugann an bheirt súil fhiata fheargach ar a chéile. Tógann na daoine eile coiscéim siar mar a léimeann an bheirt seo ina seasamh agus téann siad dá ngunnaí...

Teicnící Seánra

Sa chreatlach scéil seo beidh tú ábalta triail a bhaint as soilsiú (m.sh. atmaisféar salúin a chruthú/léas solais a úsáid), as fuaim (m.sh. cártaí á gcaitheamh síos, troscán ag díoscarnach), as feisteas/smideadh (m.sh. cumaí éagsúla na n-imreoirí cártaí), agus as fearas (m.sh. an feisteas a bhaineann le cluiche pócair/gunnaí srl). Beidh a lán deiseanna ann fosta le ceamara agus eagarthóireacht a úsáid le teannas agus luas a thógáil (m.sh. seatanna droim ar ais/ seatanna lasnairde/ seateanna rítheanna).

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Man Who Shot Liberty Valance (Arna stiúradh ag: John Ford, 1962)
Butch Cassidy and The Sundance Kid (Arna stiúradh ag: George Roy Hill, 1969)
The Quick and The Dead (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1995)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN BHUACHAILLÍ BÓ

CREATLACH SCÉIL 2 FADÓ FADÓ IN ÁIT AR BITH

Tá triúr fear gunna i gcótaí fada amuigh, ag fanacht ar dhuine a theacht. Tá an ghaoth ag glafarnach. Tugann siad sracfhéachaint ar a chéile, ag amharc anall is anonn ar na rudaí thart orthu. Scuabann Fear Gunna a hAon cuileog dá aghaidh. Cluineann Fear Gunna a Dó rud éigin agus casann sé thart, a ghunna tarraingthe amach aige, ach níl ann ach seanchanna stáin á chiceáil thart ag an ghaoth. Déanann Fear Gunna a Trí seic ar an am ar uaireadóir póca, na soicindí ag ticeáil thart go callánach.

Go tobann tagann feithicil ina dtreo. Is é freagairt na bhfear ná na gunnaí a tharraingt amach agus ansin iad a chur ar ais sna curraí mar a ghluaiseann sé ar aghaidh. Tiontaíonn siad a ndroim léi, go tobann tá fuaim ann d'armónach á sheinm. Rothlaíonn siad thart le rud nua mistéireach a fheiceáil...

Ar na críocha molta tá:

- *Is duine seachadta píotsa é an té leis an armónach.*
- *Tarlaíonn troid gunna go dtí nach bhfágtar beo ach duine amháin.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit úsáid fuaime a thriail. Thiocfadh leat, mar shampla, fuaimeanna a chluineann tú gach lá a thaifeadadh amhail geataí ag díoscán nó an ghaoth ag séideadh agus iad a úsáid sa radharc. Thiocfadh leat iad a aimpliú le héifeacht níos suntasaí a fháil. Beidh tú ábalta triail a bhaint as teicníc cheamara agus eagarthóireachta, ag úsáid an t-idirghníomhú idir seatanna teanna agus seatanna níos leithne le teannas a ghiniúint.

B'fhéidir go n-úsáidfeá an creatlach scéil seo fosta le triail a bhaint as scáileán an-leathan. Is é Once Upon a Time in the West an príomhspreagadh don chreatlach scéil agus thiocfadh leat aithris a dhéanamh ar chruth an scáileáin ríleathain den scannán sin trí scagairí scáileán leathan sna bogearraí eagarthóireachta a úsáid.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Quick and The Dead (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1995)
Once Upon a Time in The West (Arna stiúradh ag: Sergio Leone, 1968)
Romeo + Juliet (Arna stiúradh ag: Baz Luhrmann, 1996)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN BHUACHAILLÍ BÓ

CREATLACH SCÉIL 3 CAD CHUIGE ARDNÓIN

Sráid thréigthe. Tá mála plaisteach ag síobadh leis an ghaoth, díreach mar a dhéanfadh tom rothlaim. Siúlann an Príomhcharachtar síos an tsráid. Amharcann bunadh na háite air amach as agus trí na fuinneoga acu. Tá túr cloig le feiceáil in aice láimhe, na lámha ag bogadh beagán ar bheagán níos cóngaraí don mheán lae. Tagann triúr Bithiúnach i láthair, ag siúl i dtreo an phríomhcharachtair ón taobh eile den tsráid. Stopann siad, na Bithiúnaigh agus an Príomhcharachtar ina seasamh roinnt méadar óna chéile. Tá an clog ag tarraingt níos cóngaraí agus níos cóngaraí don nóin. Tá lámha á gcoinneáil go míshocair thar na curraí, ag déanamh réidh le tarraingt nuair a bhuaileann an clog.

Ar na críocha molta tá:

- *Níl ag na fir gunnaí ach piostail uisce agus níl dochar ar bith ann sa ruaille buaille atá ag titim amach.*
- *Éiríonn leis an Phríomhcharachtar gach duine a scaoileadh le cleas-sheat aonair atá aimsithe go maith nó gach duine eile a threascairt i ngluaiseacht shárghasta.*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit úsáid fuaime a thriail. Thiocfadh leat, mar shampla, fuaimeanna a chluineann tú gach lá a thaifeadadh amhail coiscéimeanna, clog ag ticeáil nó an ghaoth ag séideadh agus iad a úsáid sa radharc. Thiocfadh leat iad a aimpliú le héifeacht níos suntasaí a fháil. Beidh tú ábalta triail a bhaint as teicníc cheamara agus eagarthóireachta, ag úsáid an t-idirghníomhú idir seatanna teanna agus seatanna níos leithne le teannas a ghiniúint.

Má tá tú ag iarraidh teannas a ghiniúint thiocfadh leat rialtáin mhionathraithe luais a úsáid sna bogearraí eagarthóireachta le gníomhartha ar leith a mhoilliú nó a ghéarú. Is féidir, mar shampla, tarraingt ghasta an Phríomhcharachtair a ghéarú le frithluailí osdaonna a chur in iúl.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Quick and The Dead (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1995)
Once Upon a Time in The West (Arna stiúradh ag: Sergio Leone, 1968)
High Noon (Arna stiúradh ag: Fred Zinnemann, 1952)

SEÁNRA: SCÁNNÁIN BHUACHAILLÍ BÓ

CREATLACH SCÉIL 4 AN DUINE IS MÓ TÓIR

Taobh istigh de Shalún san Iarthar Fhiáin tá na custaiméirí ag dul ar an drabhlás, ar nós an Iarthair Fhiáin. Tá ceol á sheinm ar an phianó, cluichí cártaí ag dul ar aghaidh, seanfhir ghunna ag caitheamh siar uisce beatha. Tagann Duine Nua isteach ar an doras. Titeann gach duine ina dtost, á choimhéad le meascán d'iontas agus d'eagla mar a shiúlann sé trasna an bheáir, na spoir ag glígleáil. Déanann an Duine Nua a cheann a chlaonadh i dtreo fhear an bheáir a chuireann deoch amach faoina choinne go gasta, an leathchuid de ag doirteadh amach...

Téann cogair ó dhuine go duine, siúlann an Duine Nua díreach thart ar bhalla, a aghaidh ar aon líne le póstaer an duine a bhfuil tóir air atá ar crochadh ansin. Is é a aghaidh féin atá ar an phóstaer. Suíonn an Duine Nua síos, ag amharc go ciúin ar an deoch aige. Tarraingíonn gach duine eile a ngunnaí amach. Amharcann an Duine Nua suas lena fheiceáil go bhfuil a thábla timpeallaithe go hiomlán...

Ar na críocha molta tá:

- *Scaoileann an Duine Nua seat aonair, agus éiríonn leis gach duine a mharú ar bhealach éigin.*
- *Scaoiltear agus maraítear an Duine Nua ach bomaite beag ina dhiaidh sin tagann duine eile a bhfuil an chuma díreach mar an gcéanna air isteach sa bheár ag éileamh fáil amach cé a mharaigh a leathchúpla comhionann...*

Teicnící Seánra

Tabharfaidh an creatlach scéil seo an deis duit úsáid fuaime a thriail. Is féidir leat ceol meidhreach pianó a shrathú thar fuaimeanna na scléipe, ansin an dá rud a ghearradh go tobann agus maisíochtaí fuaime áibhéalta a úsáid do gliogarnach spóir an Duine Nua agus é ag siúl isteach sa bheár.

Is féidir leat triail a bhaint as mise-en-scène chomh maith. Mura n-éiríonn leat beár a fháil mar shuíomh nó áit cosúil leis thiocfadh leat seomra i do theach nó sa scoil a athchóiriú le teach tábhairne san Iarthar Fhiáin a chur in iúl. Is féidir leat triail a bhaint as fearas a chruthú chomh maith, amhail póstaer an duine is mó tóir atá ríthábhachtach.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Quick and The Dead (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1995)
Once Upon a Time in The West (Arna stiúradh ag: Sergio Leone, 1968)
The Ballad of Buster Scruggs (Arna stiúradh ag: Joel and Ethan Coen, 2018)
Rango (Arna stiúradh ag: Gore Verbinski, 2011)

SEÁNRA: SCANNÁIN BHUACHAILLÍ BÓ

CREATLACH SCÉIL 5 AN MHAMÓ GAN AINM

San Iarthar Fhiáin bailíonn drong ropairí thart ar an tine champa agus roinneann siad an chreach a fuair siad ón robáil is deanaí acu. Cuireann seanóir mistéireach isteach orthu. Tá blaincéad breacáin a chaitheamh aici mar phainseó, agus gunnán ceangailte ar a corróg agus amharcann sí orthu go fuarchúiseach. Is í an trodaí gunnaí ba mhó a bhfuil eagla ar gach duine atá taobh thiar de na Pecos roimpi – An Mhamó Gan Ainm. Titeann báire na fola eipiciúil amach ina dhiaidh seo.

Ar na críocha molta tá:

- *Is gnáth-sheantuismitheoir í an Mhamó atá ag baint úsáid as teicnící rólghlactha lena cuid garpháistí a theacht faoi choinne tae.*
- *Caitheann an Mhamó coiléar madaidh chuig a gcosa – nochtann splancadh siar gur mharaigh na ropairí an peata b'ansa léi – baineann sí díoltas amach ar an toirt.*

Teicnící Seánra

Is minic a bhaineann stiúrthóirí ar Scannáin Bhuachaillí Bó úsáid as idirghníomhú dinimiciúil idir seatanna teann agus seatanna níos leithne le mothú tíreolaíochta a nochtadh agus le teannas a thógáil. B'fhéidir go dtosóidh luas na heagarthóireachta go fadálach ach cuirfidh luas mire fúithi chun an t-atmaisféar a bhunú agus ansin, an fionraí a mhéadú.

Beidh deiseanna anseo fosta le maisíochtaí áibhéalacha fuaime a úsáid (m.sh. seabhráin áibhéalacha ag na gunnaí nuair a bhaintear amach iad, na spóir ag gliogarnach nuair a shiúlann na carachtair thart srl.) agus thiocfaí an tsraitheog a dhearadh, a scannánú agus eagarthóireacht a dhéanamh uirthi ar phíosa cheoil atá ann cheana féin atá fóirsteanach don tseánra.

Taighde:

Thiocfadh leat sleachta as na scannáin seo a leanas a chíoradh le taighde a dhéanamh ar theicnící agus ar mhodhanna cuí:

The Good, The Bad and The Ugly (Arna stiúradh ag: Sergio Leone, 1966)
Once Upon a Time in the West (Arna stiúradh ag: Sergio Leone, 1968)
The Quick and the Dead (Arna stiúradh ag: Sam Raimi, 1995)